


Trí scéal nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla.

1. Sula bhféachann tú ar an mír, féach féin agus an duine in aice leat ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil inti. An dtuigeann sibh iad?



2. Cad faoi na téarmaí thíos?

- an Margadh Aonair
- an tAontas Custam
- an Ríocht Aontaithe
- príomh-idirghabhálaí
- Feisirí

Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, cuir na focail agus na téarmaí ar fad ó Cheist 1 thuas (A agus B) faoi na teidil chuí thíos.

Scéal 1: Oll-lámhach in Texas na Stát Aontaithe
Scéal 2: Tuisceart Éireann agus imeacht na Breataine ón AE
Scéal 3: Theresa May ag plé ciapadh gnéis

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi gach scéal sna boscaí thíos.

Scéal 1: Oll-lámhach in Texas na Stát Aontaithe
Scéal 2: Tuaisceart Éireann agus imeacht na Breataine ón AE
Scéal 3: Theresa May ag plé ciapadh gnéis

Ceist 4 ‘...**tá** sé sa Bhruiséil inniu...’

ach

...**bíonn** sé sa Bhruiséil go minic...

Cad é an difríocht idir: **tá sé** agus **bíonn sé**? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat.

Anois, roghnaígh an fhoirm cheart den bhriathar chun na bearnaí a líonadh sna habairtí thíos.

1. _____ an aimsir go holc inniu.
2. _____ mo dhinnéar agam gach tráthnóna ar a cúig a chlog.
3. _____ Máire ag obair sa bhanc gach Aoine.
4. _____ Síle go maith ar an iomlán, cé go m_____ an slaghdán uirthi go rialta.
5. Is minic a _____ scannáin mhaithe sa phictiúrlann.

Cumaigh ceisteanna anois a bhfuil ‘**Tá./Níl.**’ agus ‘**Bíonn./Ní bhíonn.**’ mar fhreagra orthu. Cuirigh na ceisteanna ar a chéile. Mar shampla:

- An bhfuil tú ag obair go crua na laethanta seo? Tá. / Níl.
- An mbíonn Ciarán ag imirt spóirt gach lá? Bíonn. / Ní bhíonn.

Ceist 5 ‘...cúig bliana...’ agus ‘...seachtó a dó bliain...’

1. Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal ‘bliain’ sna spásanna cuí sa tábla thíos:

	1	2	3-6	7-10	20, 30...
1. S					

2. Scríobh amach na huimhreacha thíos i bhfocail.

- 75 bliain: cúig bliana is seachtó **nó** seachtó a cúig bliain
- 22 bliain:
- 89 bliain:
- 63 bliain:

Ceist 6

Pléigh na ceistanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An aontaíonn tú le Donald Trump nuair a deir sé nach raibh aon bhaint ag gunnaí leis an sléacht in Texas?
2. Cad atá i ndán do Thuaisceart Éireann nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach?
3. An bhfuil comhionannas inscne bainte amach againn go fóill?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

gníomh uafáis – *a horrific act*
 ba chionsiocair – *was the cause of*
 i bhfianaise na líomhaintí – *in light of the allegations*
 caith le – *shoot*
 clamhsán – *complaint*
 sléacht – *massacre*
 bulaíocht – *bullying*
 ciapadh – *harassment*
 fadhbanna meabhairshláinte – *mental health problems*

an Margadh Aonair – *the Single Market*
 an tAontas Custam – *the Customs Union*
 an Ríocht Aontaithe – *the United Kingdom*
 príomh-idirghabhálaí – *chief negotiator*
 Feisirí – *Members of Parliament*

Ceist 2

Scéal 1: Oil-lámhach in Texas na Stát Aontaithe

gníomh uafáis, ba chionsiocair, caith le, sléacht, fadhbanna meabhairshláinte

Scéal 2: Tuisceart Éireann agus imeacht na Breataine ón AE

an Margadh Aonair, an tAontas Custam, an Ríocht Aontaithe, príomh-idirghabhálaí, Feisirí

Scéal 3: Theresa May ag plé ciapadh gnéis

i bhfianaise na líomhaintí, clamhsán, bulaíocht, ciapadh

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá sé – an aimsir láithreach; *bíonn sé* – an aimsir ghnáthláithreach.

1. **Tá** an aimsir go holc inniu.
2. **Bíonn** mo dhinnéar agam gach tráthnóna ar a cúig a chlog.
3. **Bíonn** Máire ag obair sa bhanc gach Aoine.
4. **Tá** Síle go maith ar an iomlán, cé go m**bíonn** an slaghdán uirthi go rialta.
5. Is minic a **bhíonn** scannáin mhaithe sa phictiúrlann.

Ceist 5

1.	1	2	3-6	7-10	20, 30...
	<i>aon bhliain amháin / bliain amháin</i>	<i>dhá bhliain</i>	<i>trí bliana</i>	<i>seacht mbliana</i>	<i>tríocha bliain</i>

2. 75 bliain: cúig bliana is seachtó / seachtó a cúig bliain
22 bliain: dhá bhliain is fiche / fiche a dó bliain
89 bliain: naoi mbliana is ochtó / ochtó a naoi bliain
63 bliain: trí bliana is seasca / seasca a trí bliain

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Gníomh uafáis a thug Uachtarán Mheiriceá, Donald Trump, ar an sléacht a tharla in Texas inné, inar maraíodh sé dhuine is fiche. I séipéal i mbaile beag, Sutherland Springs, thosaigh Devin Patrick Kelley ag caitheamh le daoine i rith an tsearmanais. Idir cúig bliana agus seachtó a dó bliain a bhí na daoine a maraíodh. Chaith duine a bhí ar an láthair le Devin Patrick Kelley agus theith sé ina fheithicil. Thángthas air marbh tamall ina dhiaidh sin, lámh curtha aige ina bhás féin. Deir an tUachtarán Trump nach bhfuil aon bhaint ag gunnaí leis an uafás ach gur fadhbanna meabhairshláinte ba chionsiocair leis.

Scéal 2

Ní fhéadfadh Tuaisceart Éireann fanacht sa Margadh Aonair¹ agus san Aontas Custaim nuair a imeoidh an chuid eile den Ríocht Aontaithe as, a dúirt Státrúnaí an Tuaiscirt, James Brokenshire. Tá sé sa mBruiséil² inniu le labhairt faoi na himpleachtaí faoi leith a bheas ag imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach do Thuaisceart Éireann. Chas sé le Príomh-Idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh, Michel Barnier, coimisinéirí éagsúla, Feisirí Eorpacha agus le daoine sinsearacha eile atá ag plé leis na cainteanna.

Scéal 3

Tá sé ráite ag Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, go bhfuil sí ag iarraidh córas neamhspleách clamhsán a bhunú in Westminster, i bhfianaise na líomhaintí faoi chiapadh gnéis atá curtha i leith roinnt polaiteoirí. Beidh cruinniú aici ar ball le ceannairí polaitíochta eile lena leithéid de chóras a bhunú. Dúirt sí go mba cheart go mbeadh fir agus mná in ann a gcuid oibre a dhéanamh agus gan imní a bheith orthu go ndéanfaí bulaíocht nó ciapadh de chineál ar bith orthu. Rófhada a bhí cead a gcinn ag lucht na cumhachta a deir sí, agus gan daoine a ndearnadh³ díobháil dóibh in ann labhairt amach.

¹ Córas Chonnacht

² Córas Chonnacht

³ *deineadh* a deirtear